Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/301

26.1.2026

**Achomharc arna thabhairt an 17 Samhain 2025 ag an Association pour la promotion du sel artisanal i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Dara Dlísheomra) a fógraíodh an 10 Meán Fómhair 2025 i gCásanna T-191/24 go T-193/24, Association pour la promotion du sel artisanal agus páirtithe eile v an Coimisiún**

**(Cás C-748/25 P)**

(C/2026/301)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Association pour la promotion du sel artisanal (ionadaithe: T. Lachacinski agus F. Fajgenbaum, avocats)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* an Coimisiún Eorpach agus Poblacht na Fraince

**An t-ordú atá á lorg**

Iarann an t-achomharcóir ar an gCúirt Bhreithiúnais:

— a aithint go bhfuil dlínse aici an chaingean a thug an t-achomharcóir isteach a éisteacht agus a chinneadh agus cead a thabhairt dó a iarraidh go gcuirfear an gníomh atá faoi chonspóid ar neamhní;

— a chinneadh go bhfuil a chaingean i gcoinne an bhreithiúnais a thug Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh isteach an 10 Méan Fómhair 2025 i gcásanna uamtha T-191/24 go T-193/24 inghlactha agus go bhfuil bunús maith leis;

— an gníomh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid atá TGFC (tásc geografach faoi chostaint) 'Sel de Camargue / Fleur de sel de Camargue' neamhdhleathach;

— an gníomh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid a chruthaíonn clárú TGFC 'Sel de Camargue / Fleur de sel de Camargue' staid iomaíochta éagórach idir oibreoirí;

— an gníomh atá faoi chonspóid a chur ar neamhní a mhéid atá an t-ainm 'Fleur de sel de Camargue' míthreorach don tomhaltóir.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca lena chaingean, maíonn an t-achomharcóir saincheist dlí amháin lena n-éilítear go bhfuil sé i dteideal imeachtaí a thionscnamh ós rud é (1) go ndéanann an gníomh atá faoi chonspóid difear dá leasanna féin, (2) go ndéanann an gníomh atá faoi chonspóid difear do staid dhlíthiúil a chomhaltaí agus (3) go ndéanann an gníomh atá faoi chonspóid difear do leasanna na dtomhaltóirí.